




*Fáilte is fiche go*
*Páirc an Chrócaigh*
*tráthnóna do…*




# LÁMHLEABHAR FHEAR / BHEAN AN TÍ CLG

## GAA MC's Handbook





# ROIMH CHLUICHE - PRE-MATCH

Bail ó Dhia oraibh, a chairde, agus fáilte romhaibh go léir/uilig chuig Páirc X inniu/tráthnóna.
You are all very welcome to X this afternoon/this evening.

Imreoidh ___ in aghaidh ___ i gCluiche Ceathrú Ceannais / Leathcheannais / Ceannais / cáilithe / babhta 1 de Chraobh ___ inniu.
___ will take on ___ in today's Quarter /Semi-Final / Final / Qualifying round...of the ___ Championship today.

Tá fáil ar chlár an chluiche inniu ó na maoir staide ar luach €5.
Today's match programmes are availble from stadium stewards at the price of €5 .

Ná déanaigí dearmad an haischlib #GAAgaeilge / #Fanwall a úsáid inniu.
Don't forget to use the #GAAgaeilge / #Fanwall hashtag today

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le... (urraitheoirí).
We would like to thank our... (sponsors).

Is é/í ___, ó 'club/contae' réiteoir an lae inniu don chluiche seo. Guímis gach rath air/uirthi!
The referee for today's game is ___ from 'club/county' We wish him/her the best of luck today!

Bheadh muid buíoch díbh treoir na maor staide a leanúint inniu. Tá siad anseo le cuidiú/cabhrú libh agus le déanamh cinnte go bhfuil gach duine slán sábhailte.
Please follow the intsructions from the stewards who are here to ensure health and safety for all.

Sna cúil inniu d'fhoireann ___ tá ___.
In goals for ___ today is ___.

Sa líne lánchúil ag caitheamh geansaithe 2, 3 agus 4 tá...
In the full back line wearing numbers 2, 3 and 4 are...

Sa líne leathchúil ag caitheamh geansaithe 5, 6 agus 7 tá...
In the half back line wearing numbers 5, 6 and 7 are...





*Foireann Iomána Laoise ag téamh suas sa bhliain 2021*



*Banna Píob Chill Tiobraid ag Cluiche Ceannais Club Chonnacht idir Naomh Bríd agus Cora Finne sa bhliain 2016*

I lár na páirce ag caitheamh geansaithe 8 agus 9 tá...
In midfield are...

Sa líne leatosaithe ag caitheamh geansaithe 10, 11 agus 12 tá...
In the half-forward line are...

Sa líne lántosaithe ag caitheamh geansaithe 13, 14 agus 15 tá...
In the full forward line are...



Fógra...
Announcement...

Tá athrú amháin/dhá athrú ar fhoireann ___
There is a change/are two changes

Beidh foireann ___ ag imirt inniú ó chlé go deas, i dtreo an bhaile, i dtreo an scórchláir.
___ will be playing today from left to right, into the town end, into the scoreboard.

Seasaigí anois ar feadh nóiméid in ómós do...
Stand for a minute's silence for...

Go ndéana Dia trócaire ar a anam / a hanam / a n-anamacha.
May God rest his / her / their souls.

Seasaigí anois le haghaidh Amhrán na bhFiann le bhur dtoil/más é bhur dtoil é.
Please stand now for Amhrán na bhFiann.

An féidir le gach duine nach bhfuil ag imirt, an pháirc imeartha a fhágáil mar beidh Amhrán na bhFiann / an pharáid / an mórshiúl ag tosú / ag tosnú / ag toiseacht i gceann ___ nóiméad / bomaite.
Can all those not playing please leave the pitch as the parade / Amhrán na bhFiann will begin in ___ minutes.


Beidh Amhrán na bhFiann á chanadh inniu ag ___ ó club ___.
Today Amhrán na bhFiann will be sung by ___ from ___ club.

# NA PÁIRCEANNA BAILE / THE COUNTY GROUNDS

Cén t-ainm atá ar do pháirc bhaile?

## Laighin / Cúige Laighean

Áth Cliath/Contae Átha Cliath – Páirc Parnell
An Mhí/Contae na Mí – Páirc Tailteann
Cill Dara/Contae Chill Dara – Páirc Naomh Connladh
Loch Garman/Contae Loch Garman – Páirc Loch Garman, Chadwicks
Uíbh Fhailí/Contae Uíbh Fhailí – Páirc Uí Chonchubhair, Bord na Móna
Lú/Contae Lú – Páirc Mhuire / Páirc Dhroichead Átha
Laois/Contae Laoise – Páirc Uí Mhórdha MW Hire
Cill Chainnigh/Contae Chill Chainnigh – Páirc Uí Nualláin UPMC
Ceatharlach/Contae Cheatharlach – Páirc Uí Chuilinn Netwatch
An Iarmhí/Contae na hIarmhí – Páirc Uí Chíosóig TEG
An Longfort/Contae an Longfoirt – Páirc an Phiarsaigh, Glennon Brothers
Cill Mhantáin/Contae Chill Mhantáin – Chill Mhantáin – An Pháirc Baile, Eachroim



## An Mhumhain / Cúige Mumhan

Ciarraí/Contae Chiarraí – Staid an Ghearaltaigh
Corcaigh/Contae Chorcaí – Páirc Uí Chaoimh
Tiobraid Árann/Contae Thiobraid Árann – Staid Semple FBD
An Clár/Contae an Chláir – Páirc Uí Chíosóig
Luimneach/Contae Luimnigh – Páirc na nGael, TUS
Port Láirge/Contae Phort Láirge – Páirc an Bhreathnaigh

## Connachta / Cúige Chonnacht

Gaillimh/Contae na Gaillimhe – Staid an Phiarsaigh
Maigh Eo/Contae Mhaigh Eo – Páirc Mhic Éil Hastings
Ros Comáin/Contae Ros Comáin – Páirc de hÍde
Sligeach/Contae Shligigh – Páirc Markievicz
Liatroim/Contae Liatroma – Páirc Seán Mac Diarmada Avant Money

## Ulaidh / Cúige Uladh

An Cabhán/Contae an Chabháin – Páirc Bhreifne, Kingspan
Tír Eoghain/Contae Thír Eoghain – Pairc Uí Éilí, O'Neills
Muineachán/Contae Mhuineacháin – Páirc Naomh Tighearnach
Ard Mhacha/Contae Ard Mhacha – An Pháirc Lúthchleasa
An Dún/Contae an Dúin – Páirc Esler
Dún na nGall/Contae Dhún na nGall – Páirc Sheáin Mhic Cumhaill
Aontroim/Contae Aontroma – Páirc Mhic Asmaint / Páirc Uí Chorragáin
Doire/Contae Dhoire – Páirc na gCeilteach
Fear Manach/Contae Fhear Manach – Páirc Brewster

## Eile / Other

Londain – Páirc Mhig Shamhráin
Nua-Eabhrac – Páirc na nGael
Warwickshire – Páirc na hÉireann
Cruinneachán Aeir CLG Chonnacht, OÉ Gaillimh – NUI Galway Connacht GAA Air Dome

## LE LINN AN CHLUICHE / DURING THE MATCH

Beidh cupán tae/caife le fáil sa siopa ag leath ama.
Tea/coffee is available in the shop at half-time.

Má chaill aon duine fón póca / eochracha / eile is féidir iad a fháil ó ___.
A lost mobile phone / lost keys has / have been handed into lost and found and can be collected at ___.

Má tá tuismitheoirí ___ anseo, an féidir/an dtig libh bualadh linn ag ___.
Can parents of ___ come to the ___.

Ionadaí d'fhoireann ___. Uimhir ___ in áit ___.
Substitute for ___. Number ___ is replaced by number ___.

Bhí 25,887 duine i láthair ag an gcluiche inniu. Gabhann muid buíochas libh go léir.
Today's attendance is 25,887. We thank you all for coming.

Táimid ag dul go plean B!
We are moving to Plan B!

An féidir le húinéir an chairr leis an uimhirphláta ___ teacht chuig...le do thoil.
Can the owner of the car with the registration plate ___ please come to...

Ionadaí do...
Substitution for...



# LEATH AMA / HALF-TIME

Tá an siopa suite, faoin ardán, in aice an scórchláir, sa chúinne faoi...
The shop is situated in the ___ corner under the stand...

Tá tae, caifé agus ceapairí le fáil sa siopa ag leath ama.
Tea, coffee and sandwiches are available from the shop at half-time.

Déanaimis comhghairdeas le foireann ___ Scór ó Chumann ___ a bhain amach Craobh Chonnacht (Craobh na Mumhan, Craobh Uladh, Craobh Laighean) ag Craobh Scór an deireadh seachtaine/an mhí/an bhliain seo caite.
Congratulations to the Scór ___ group from 'Club ___' that qualified for the Connacht(Munster, Ulster, Leinster etc.) Finals last weekend/month/year.

An féidir leis na hionadaithe foirne gan dul isteach ar an bpáirc ag leath ama le bhur dtoil / más é bhur dtoil é.
Can team substitutes stay off the pitch at half-time please.

Cuireann muid fáilte ag leath ama inniu roimh pháistí ___ imirt ar an bpáirc.
We welcome children from ___ to the pitch at half-time.

An féidir le tuismitheoirí agus le páistí an pháirc a fhágáil sula dtagann na foirne chun páirce.
Can parents and children make their way off the pitch in advance of the second-half.

Táimid tagtha chuig an sos uisce/leath ama/deireadh an chluiche.
It is time for the water break / half-time whistle / final whistle.

Beidh foireann faoi 12 ___ ó ___ ag imirt in aghaidh fhoireann faoi 12 ___ ó ___ le linn leath ama.
The U12 ___ team will play the U12 ___ team at the half-time break.

Taispeántas den scoth curtha ar fáil ag ___ agus ___ ansin. Tugaigí bualadh bos dóibh.
Give a round of applause to ___ and ___ for a great display.

Cuirigí fáilte ar ais ar an bpáirc roimh ___ agus ___ don dara leath.
Welcome back onto the pitch ___ and ___ for the second half.

Scór leath ama anseo i bPáirc ___ – 'contae/club' ___ 0-10 'contae/club' ___ 0-11.
Half-tme score here in ___ – 'county/club' ___ 0-10 'county/club' ___ 0-11.

Cúpla scór ó chluichí eile atá ar siúl ar fud na tíre / an chontae inniu –
Contae ___ 0-10 Contae ___ 0-11.
Scores in from other matches around the county/country today – County ___ 0-10 County ___ 0-11.

Ionadaí d'fhoireann ___
Substitute for ___

Bualadh mór bos do bhanna ceoil ___ as ___.
Give a round of applause for the ___ band from ___.





*Bíonn Go Games ar siúl ag leath ama i bpáirceanna baile ar fud na tíre*

## TAR ÉIS AN CHLUICHE – POST MATCH

Comhghairdeas le foireann ___.
Congratulations to ___.

Ár mbuíochas le ___ a rinne urraíocht ar an gcluiche i Roinn 1 / craoibhe / sraithe inniu srl...
Thanks to ___, sponsors of today's game / championship game / league game etc...

Ár mbuíochas libh as ucht a bheith linn tráthnóna don chluiche. Slán abhaile.
Many thanks to all our supporters here today and a safe journey home.

Bígí cúramach ar an mbóthar / ar an bhóthar abhaile.
Safe home and drive safely.

An scór deiridh ó Pháirc ___
Final score from ___



# NATHANNA ÚSÁIDEACHA DO NA MEÁIN SHÓISIALTA
# USEFUL PHRASES FOR SOCIAL MEDIA

An mbíonn tú ag giolcaireacht / tvuíteáil faoi na cluichí Gaelacha? Do you tweet about Gaelic games? Do you tweet about them from your personal account, from your club account or from your county account? If so, why not use a cúpla focal Gaeilge in your tweets? Anseo thíos tá roinnt frásaí úsáideacha le cabhrú leat. Don't be afraid to give it a try!! Déan cinnte go n-úsáideann tú an haischlib #GAAgaeilge, freisin!

| | |
|---|---|
| **Bratach** | *Flag* |
| **In aghaidh na gaoithe** | *Against the wind* |
| **Le cóir na gaoithe** | *With the wind* |
| **Poc Taobhlíne** | *Sideline poc* |
| **Cic Taobhlíne** | *Sideline kick* |
| **'X' nóiméad imeartha** | *'X' minutes played* |
| **'X' nóiméad le himirt** | *'X' minutes left* |
| **Ar fóraoil** | *Wide* |
| **Am cúitimh** | *Injury time / stoppage time* |
| **Cúilín/Pointe** | *Point* |
| **Cúl/Báide/Báire** | *Goal* |
| **Ionadaí fola** | *Blood sub* |
| **Ionadaí do 'X'** | *Substitute for x* |
| **Scór deiridh** | *Final score* |
| **Scór leathama** | *Half-time score* |
| **Sos/Briseadh Uisce** | *Water break* |
| **Cic amach** | *Kickout* |
| **Cic saor** | *Free (football)* |
| **Poc saor** | *Free (hurling)* |
| **Poc éirice** | *Penalty (hurling)* |
| **Cic éirice** | *Penalty (football)* |
| **Calaois** | *Foul* |
| **Marc** | *Mark* |
| **Loca Pionóis** | *Sin Bin* |
| **Bainisteoir** | *Manager* |
| **Réiteoir** | *Referee* |
| **Comhghairdeas le x** | *Congratulations to x* |
| **Laoch na hImeartha** | *Player of the Match* |
| **Go n-éirí go geal le foireann 'X' inniu** | *Best of luck to x today* |
| **'X contae/club' Abú!** | *Up 'county/club X'!* |
| **Haischlib** | *Hashtag* |
| **Giolc/Tvuít** | *A Tweet* |
| **Poc amach** | *Puck Out* |
| **Cárta dubh** | *Black Card* |
| **Cárta buí** | *Yellow Card* |
| **Cárta dearg** | *Red Card* |
| **Bratach bhán** | *White Flag* |
| **Bratach uaine/bratach ghlas** | *Green Flag* |
| **Am breise** | *Extra-Time* |

*Curtha in eagar ag Coiste Náisiúnta Gaeilge CLG 2021-2024*